



PE Céim ar Aghaidh

TIONSCNAMH CLUICHÍ DE CHUID CLG

Snáithe: Cluichí

Leibhéal Ranga: Naoináin

Ceacht: 1

Ionad

Clós na Scoile/Halla

Trealamh

Cóin thráchtá, Húláhúpanna
Liathróidí éagsúla

Ceacht 1

Snáithaonad: Seachadadh, glacadh & gluaiseacht

Spriocanna Curaclaim:

- Forbairt ar scileanna láimhseála na liathróide
- Druibleáil na liathróide leis na lámha
- Rolladh na liathróide & á caitheamh chuig páirtí
- Rolladh na liathróide chuig targaide
- Caitheamh na liathróide chuig targaide
- Breith ar an liathróid

Snáithaonad: Tuiscint agus Meas ar Chluichí

Spriocanna Curaclaim:

Caidreamh agus forbairt i measc na ndaltaí ar scileanna gluaiseachta a bhaineann leis na cluichí

Forbairt na ndaltaí i straitéisí a bhaineann le fadhbanna a réiteach agus cinnteoireacht

Nascáil:

Gleacaíocht – Snáithaonad: Gluaiseacht (Cothomaíocht)

Lúthchleasaíocht – Snáithaonad: Rith, Caitheamh

Ceap do Phleananna Ceachta Féin



Tuilleadh eolais www.learning.gaa.ie/planner/primary

Tagairtí

Curaclam na mBunscoileanna
Corpoideachas (1999)
Treoirlínte do Mhúinteoirí
Corpoideachais (1999)

Tionscnamh Spóirt na mBunscoileanna
<http://www.ppps.ie/pcsparchive/pe/psci.clickme.html>

Fun Do GAA Learning Resource Pack (2007)






Snáithe: Cluichí


Eagrú

- Bíodh liathróid ar mhéid atá oiriúnach ag gach dalta



Eagrú

- Bíodh na daltaí ina suí agus na cosa scartha – duine ar aghaidh duine, nó aghaidh an duine aonaraigh ar an mballa (tuairim dhá mhéadar óna chéile)



Leibhéal Ranga: Naíonáin

Gníomh 1 – Tuiscint ar an Liathróid

Pasáil an Liathróid

- timpeall na coime
- timpeall an dá chos/cos amháin
- faoi na glúine agus iad ina suí



Pointí Teagaisc

- Oscail amach na méara agus cuir do ghlaic timpeall ar an liathróid
- Déan iarracht an liathróid a choinéil amach ó do cholainn

Gníomh 2 – Cuir aithne

Cuir aithne

- Iarr ar na daltaí a theacht ar bhealaí chun an liathróid a sheoladh chuig a chéile

Rolladh

- Rollaigh an liathróid anonn agus anall idir na cosa agus úsáid an dá lámh
- Téigh ar do ghlúine agus rollaigh an liathróid ó thaobh go taobh
- Rollaigh an liathróid timpeall leath do cholainne
- Rollaigh an liathróid suas in aghaidh an bhalla agus scúpáil isteach i do lámha í

NÓ

- Ina mbeirteanna, rollaigh an liathróid chuig do pháirtí
- Seasann na daltaí, cromann siad agus rollaíonn an liathróid chuig a gcomrádaí le lámh amháin.




Pointí Teagaisc

- Cinntigh, le ceisteanna, go ndéantar an liathróid a chaitheamh, a rollú, a chiceáil, a bhualadh leis an lámh agus leis an gceann.
- Lámha cothrom os cionn na liathróide
- Úsáid an dá lámh
- Úsáid an dá lámh chun breith ar an liathróid
- Beir barróg ar an liathróid
- Lámh amháin faoin liathróid, an lámh eile os a cionn lena choinéil cothrom

Snáithe: Cluichí

Eagrú

- Oibríonn na daltaí ina mbeirteanna – liathróid amháin eatarthu



Eagrú

- Roinn na daltaí i ngrúpaí – seisear i ngach ceann.
- Bíodh cúigear acu ina seasamh i gciorcail agus an gú duine (an ceannaire) sa lár.
- Bíodh na daltaí ar a nglúine
- Liathróid amháin ag gach ciorcail



Leibhéal Ranga: Naíonáin
Gníomh 3 - Preab agus Beir

- Preab an liathróid sall agus anall



Gníomh 4 – Cluiche – Liathróid Ciorcail

- Bíodh an liathróid ag an gceannaire
- Ar chomhartha ón múinteoir, déanann an ceannaire an liathróid a rollú chuig gach páiste ar a seal.
- Nuair a bhíonn sin déanta le gach páiste, ar a seal, seasann an grúpa suas
- Is é an grúpa is túisce a sheasann an buaiteoir



Pointí Teagaisc

- Mol do na daltaí úsáid a bhaint as an lámh dheas agus as an lámh chlé
- C** An bhfuil ar do chumas an liathróid a phreabadh gan do shúil a bheith uirthi?

Pointí Teagaisc

- Cinntigh gur amhlaidh a rollaíonn na daltaí an liathróid agus nach gcaitheann siad í.

Snáithe: Cluichí

Eagrú

- Liathróid ag gach dalta
- Leag roinnt fonsaí ar an talamh agus targaí ar a mbeifear ag díriú ag deireadh an chúrsa



Leibhéal Ranga: Naíonáin

Forbairt – Preab agus Caith

- Agus an dalta ag rith, déanadh sé/sí an liathróid a phreabadh i ngach fonsa agus ansin í a chaitheamh leis/isteach sa targaí/balla



Pointí Teagaisc

- Cinntigh go bhfuil dóthain spáis ag na daltaí a cheadóidh dóibh an gníomh a dhéanamh ar shlí shábháilte
 - Súile ar an targaí
- C Cé acu is tábachtáí sa chás seo – luas nó cruinneas?**

